

# Na Súileoga a bhaint:

*Sláinte agus Leas Each-ainmhithe na hEorpa in 2015*



## *Achoimre Fheidhmeach*

Tuararscáil ó Leas Capall Domhanda agus  
ón Euroghrúpa um Ainmhithe

**EUROGROUP  
4ANIMALS**



**WorldHorseWelfare**

# Achoimre Fheidhmiúcháin

Is é aidhm na tuarascála seo léargas a thabhairt ar each-ainmhithe agus ar an earnáil eachaí san AE in 2015, fadhbanna a bhaineann le leas each-ainmhithe a aimsiú, anailís a dhéanamh ar an reachtaíocht reatha a bhaineann leo, agus moltaí a dhéanamh maidir leis an gcaoi ar féidir leis an reachtaíocht cosaint níos fearr a thabhairt do na hainmhithe sin.

Tá iliomad rólanna ag each-ainmhithe san Eoraip san 21ú haois - seans gurb iad na hainmhithe is ilúsáide iad a cheansaigh an cine daonna riamh. Cé go gcinntíonn an ilúsáideacht sin go raibh dlúthcheangal idir each-ainmhithe agus an cine daonna riamh anall, baineann deacrachtaí leis sin freisin ó thaobh a gcosaint de réir dlí. Ní luíonn each-ainmhithe le ceann ar bith de na catagóirí a úsáidtear i reachtaíocht agus i mbeartas na linne seo, rud a chiallaíonn go dtiteann siad sna bearnaí idir na dlíthe a bhaineann le peataí ainmhíocha agus na dlíthe a bhaineann le hainmhithe feirme agus is minic nach chun leasa na n-eachainmhithe féin é sin.

## Ilúsáidteacht agus ilchineálacht

De réir mheán na bhfigiúirí atá ar fáil, tá isteach is amach le seacht milliún each-ainmhí san Aontas Eorpach (AE), agus baintear iliomad úsáidí astu. Ba chóir a ghlacadh san áireamh, áfach, nach léiriú cruinn é an figiúr sin ar líon na n-eachainmhithe i ndáiríre agus go bhféadfadh líon i bhfad níos mó a bheith i gceist. An earnáil eachaí:

- Cuirtear fostaíocht ar fáil do 896,000 duine, ar a laghad, ar fud an AE.
- Is fiú breis is €100 billiún sa bhliain í.
- Baintear úsáid as 2.6 milliún heicteár talún ar a laghad san AE.

De bharr mhéid agus fhairsinge na hearnála, mar aon leis an struchtúr scaipthe eagrúcháin a bhaineann léi, is minic a bhaineann an t-eolas a bhíonn ar fáil le gnéithe lárnacha na hearnála agus iad sin amháin, cuir i gcás spórt ardleibhéil agus rásaíocht.

Is ainmhithe riachtanacha oibre iad each-ainmhithe i roinnt áiteanna san AE, freisin, agus coinnítear ainmhithe eile ina bpeataí nó ina n-ainmhithe fóillíochta. Seans nach mbeadh na hainmhithe sin cláraithe le heagraíocht láir ar chor ar bith, agus dá bhrí sin ní bheidís san áireamh i bhfigiúirí oifigiúla ó chomhlachtaí lena mbaineann. Níor mhór fios a bheith ag lucht déanta reachtaíochta gurb ann do na hainmhithe seo agus dá n-úinéirí agus níor mhór dóibh deimhin a dhéanamh de go nglacfaí a riachtanais san áireamh. Níor mhór taighde breise a dhéanamh, leoga, má táthar chun beartas a dhéanamh a fhreastalaíonn ar each-ainmhithe uile.

## Dúshláin sa reachtaíocht

D'fhéadfadh go rangófaí each-ainmhithe ina n-ainmhithe feirme nó na bpeataí faoin reachtaíocht, ag brath ar an úsáid a mbaintear astu agus ar an áit a n-úsáidtear iad. De réir reachtaíocht an AE, tá trí shainmhíniú oifigiúla ar leithligh ar 'each-ainmhithe' ann, trí fho-chatagóir each-ainmhí ann, agus roinnt sainmhíneithe comhthéacs ann don úsáid a mbaintear as an ainmhí. D'fhéadfadh gur ainmhithe fiáine iad each-ainmhithe, freisin.

Is mór iad na difríochtaí idir gnéithe áirithe den reachtaíocht ar fud na 28 mBallstát. Tá reachtaíocht leasa ainmhithe de chineál éigin ag go leor acu, ach is mór na difríochtaí idir forálacha na reachtaíochta sin, cuir i gcás foras dlíthiúil d'eotanáis.

Is minic a chuirtear reachtaíocht an AE i bhfeidhm ar bhealaí difriúla ar fud an AE. Is díol imní faoi leith é Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 1/2005 maidir le cosaint ainmhithe le linn iompair agus oibríochtaí gaolmhara - ní amháin nach gcloíonn forálacha na Reachtaíochta le fianaise eolaíoch atá cothrom le dáta maidir leis an gcaoi a dtéann iompar fadslí i bhfeidhm ar each-ainmhithe, ach is mór an difear idir leibhéil forfheidhmiúcháin ar fud an AE. Anuas air sin, is ar mhaithe le cuspóirí tráchtála a bhaineann an reachtaíocht sin den chuid is mó. Luaitear gur díol imní freisin é Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh. 504/2008 (an Rialachán um chomharthaí aitheantais each-ainmhithe) de thoradh an scannail faoi fheoil eachaí sa bhliain 2013 – tá dul chun cinn á dhéanamh anois agus an Coimisiún ag feidhmiú Rialachán (AE) 2015/262 (rialacha a leagan síos de bhun Threoracha ón gComhairle 90/427/CEE agus 2009/156/CE maidir le modhanna um chomharthaí aitheantais d'each-ainmhithe (Rialachán um Pas Eachaí)) tar éis go ndearna Ballstáit agus an Coimisiún comhaontú ina leith - ach de bharr go dtuairiscíonn roinnt Ballstát go bhfuil breis is 70 Eagraíocht Eisiúna Pasanna ag feidhmiú laistigh dá dteorainneacha, ní haon ionadh é gur córas é i láthair na huaire atá scaipthe agus gur deacair ciall a bhaint as. Léiríú air sin is ea na meastacháin dhifriúla a dhéantar maidir le líon na n-eachainmhithe san AE. Chuirfeadh córas comharthaí aitheantais a bheadh ag feidhmiú i gceart deireadh leis an éiginnteacht sin.

### **Deacrachtaí leanúnacha maidir le leas each-ainmhithe**

Baineann fadhbanna leasa le heach-ainmhithe i gcónaí ar fud an AE. Cé go mbíonn dúshláin dá gcuid féin amháin le sárú ag roinnt Ballstát, tá roinnt téamaí i gcoiteann le feiceáil go follasach. Is iad na fadhbanna is coitianta a bhraitear a bheith ann, de réir na bhfreagraí a fuarthas ar shuirbhé ar eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGO) san Eoraip:

- Fadhbanna le timpeallachtaí agus leis an gcaoi a gcoinnítear each-ainmhithe, ina measc:
  - timpeallachtaí nach mbíonn dóthain spáis iontu;
  - tréimhsí fada coinneála gan a scaoileadh amach agus timpeallachtaí nach mbaineann deis idirghníomhú sóisialta leo;
  - easpa eolais ar chúram ceart each-ainmhithe i measc úinéirí each-ainmhithe; agus
  - faillí (gan freastal ar bhunriachtanais an ainmhí, cuir i gcás bia agus uisce).
- Modhana traenála agus láimhseála, ina measc fadhbanna leasa i gcúrsaí spóirt.
- Each-ainmhithe a úsáid dá bhfeoil.
- An chaoi a gcaitear le heach-ainmhithe oibre.
- Easpa teachta ar dhaoine gairmiúla, cuir i gcás tréidlianna, crúdóirí chun cúram a dhéanamh do chrúba agus diallaiteoirí chun úmacha a oireann do na hainmhithe a chur ar fáil.

I bhfianaise na nithe sin go léir, rinneamar roinnt moltaí sainiúla don Choimisiún Eorpach, d'Údaráis Inniúla, don Oifig Bia agus Tréidliachta agus do chomhlachtaí na hearnála eachaí. Ba chóir go gcinnteoidís sin:

- go dtabharfaí cosaint ar leibhéal an AE do leas agus do shláinte each-ainmhithe trí reachtaíocht atá oiriúnach agus in-fheidhmithe agus trí fheidhmiú agus fhorfheidhmiú éifeachtach na reachtaíochta sin.
- go n-aithneofaí an baol don earnáil a bhaineann le galair agus go dtabharfaí aghaidh air sin.
- go mbeadh aird níos mó ar ilúsáidteacht each-ainmhithe agus reachtaíocht agus beartais á gcur le céile.
- \* go nglacfaí cur chuige leanúnach i ndlíthe an AE maidir leis an gcaoi a ndéantar each-ainmhithe a shainiú agus a láimhseáil.

## Ba chóir don Choimisiún Eorpach:

- staidéar Eurostat a choimisiúnú chun anailís a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta gach gné den earnál eachaí.
- sonraí TRACES a chur ar fáil don phobal gan an mhoill chéanna a bheith ann is atá ann faoi láthair.
- glacadh le sainmhíniú amháin a thugann soiléiriú ar na speicis a nglactar leo mar each-ainmhithe ar mhaithe le gach reachtaíocht ábhartha.
- leasú a dhéanamh ar in-fheidhmeacht an mhaolaithe d'each-ainmhithe cláraithe chun críche Rialacháin ón gComhairle (CE) Uimh. 1/2005 le go nglacfaí san áireamh fianaise ar chuspóirí an turais nuair is faide ná 8 n-uair an chloig é.
- cead a thabhairt d'Údaráis Inniúla sruthlíniú ó bhonn a dhéanamh ar líon na n-Eagraíochtaí Eisiúna Pasanna a fheidhmíonn laistigh dá mBallstáit.
- rúin a mholadh maidir le reachtaíocht leasa shainiúil don speiceas eachaí a thabhairt isteach in ionad Rialacháin ón gComhairle 98/58/CE, reachtaíocht a thabharfadh deis níos fearr comhchuibhithe idir Ballstáit agus a chruthódh bonn cothrom a chuideodh le feidhmiú an mhargaidh aonair.
- a leagan síos go mbeadh monatóireacht CCTV éigeantach i seamlais a láimhseálann each-ainmhithe.
- cur leis na rialacha lipéadúcháin a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 maidir le heolas a chur ar fáil do thomhaltóirí i dtaca le bia eachaí.
- tacú go gníomhach le teoracha dea-chleachtais a chur le chéile a chuideodh le leibhéal chomhlíonta rialacha agus le forfheidhmiú leanúnach, cuir i gcás trí acmhainní a chur ar fáil a dhéanfadh aistriúchán ar cháipéisí agus a chuideodh lena scaipeadh.
- tacú le heolas a chur le chéile agus a scaipeadh maidir leis an gcaoi ar féidir freastal ar riachtanais each-ainmhithe, agus féachaint lena n-acmhainní oideachais i dtaca le hainmhithe feirme a leathnú d'fhonn leas each-ainmhithe a ghlacadh san áireamh.
- a chinntiú go gcuirfí sláinte, leas agus inrianaitheacht ainmhithe san áireamh in aon idirbheartaíocht trádála agus nár chóir iompórtáil feoil eachaí a cheadú ó Thríú Tíortha ach amháin má chloítear le caighdeáin sábháilteachta bia, sláinte agus leasa ainmhithe atá ar chomhchéim le caighdeáin an AE.
- imeachtaí sárúcháin a thionscnamh i gcásanna ina bhfaightear amach gur sáraíodh reachtaíocht sláinte agus leasa ainmhithe agus nár leasaigh na hÚdaráis Inniúla go pras iad.
- a chinntiú go ndéanfar caighdeáin Tríú Tír maidir le riar táirgí leighis a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláinte an duine, a chothromú le caighdeáin an AE i gcásanna go bhfuiltear chun táirgí ainmhiacha a iompórtáil.

## Ba chóir don Oifig Bia agus Tréidliachta:

- iniúchtaí gan fógra a dhéanamh go rialta ar sheamlais agus ar mhonarchana gearrtha feola arna fhaomhadh ag an AE i dTríú Tíortha, agus iniúchadh a dhéanamh ar chodanna eile den slabhra táirgthe i rith na misean sin.

## **Ba chóir don Choimisiún Eorpach agus d'Údaráis Inniúla:**

- cur chun gnímh go práinneach chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh maidir le clárú agus inria naitheacht each-ainmhithe.
- dearcaí difriúla i leith each-ainmhithe i mBallstáit dhifriúla a ghlacadh san áireamh agus pleannanna cumarsáide á ndéanamh i leith Rialachán (AE) 2015/262 a chur i bhfeidhm ag an gCoimisiún.
- each-ainmhithe oibre a ghlacadh san áireamh i mbeartais talmhaíochta agus turasóireachta. Ba chóir tacú le talmhaíocht agus turasóireacht eachaí atá dírithe ar leas ainmhithe a fhorbairt, agus forfheidh miú daingin a dhéanamh i gcásanna nach léirítear meas don leas sin.
- eolas a chur chun cinn a chuideodh le turasóirí roghanna a dhéanamh a ghlacann leas ainmhithe san áireamh ar bhealach níos fearr agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le seirbhísí each-ainmhithe oibre a úsáid.
- a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi earnálacha a thagann chun cinn sa mhargadh eachaí, cibé an mbeadh gá le reachtaíocht chun leas ainmhithe agus sábháilteacht tomhaltóirí a chinntiú, agus faoin gcaoi a bhféadfadh an reachtaíocht dul i bhfeidhm orthu.

## **Ba chóir d'Údaráis Inniúla:**

- fios soiléir a bheith acu faoin uair a rangáítear each-ainmhí mar ainmhí 'leath-fhiáin' (rud a chiallaíonn go bhfuil an t-ainmhí faoi úinéireacht), agus faoin uair nach ann d'aon duine nádúrtha a bheadh ina (h) úinéir ar an ainmhí. Ní mór don reachtaíocht an difear idir na cineálacha sin each-ainmhí a shainiú, mar aon leis an té atá freagrach as a leas agus as a sláinte.
- imscrúdú a dhéanamh ar thuairiscí maidir le cleachtais mhídháonnachtúla, cuir i gcás úsáid mhíchuí a bhaint as drugaí, a leithéid T-61 gan támhú cuí, mar bheart práinne nuair a thuairiscítear a leithéid dóibh.
- Ta chinntiú i gcónaí go nglacann siad san áireamh sainriachtanais each-ainmhithe agus beartas leasa ainmhithe á dhréachtadh acu, seachas talamh slán a dhéanamh de go gcumhdófar iad faoi reachtaíocht fhairsing a bhaineann le beostoc nó le peataí ainmhíocha.
- a chinntiú gur féidir leis na seamlais sin ag a bhfuil ceadúnais i leith each-ainmhithe a thógáil freastal ar riachtanais leasa na n-ainmhithe sin, idir áiseanna agus oiliúint foirne.
- féachaint orthu seo - agus luach scéimeanna féinrialúcháin á ghlacadh san áireamh - mar fheabhsuithe reachtaíochta seachas mar bhearta in ionad reachtaíochta.
- a chinntiú go mbeadh dóthain solúbthachta sna pionóis a leagtar síos agus Rialacháin na gComhphobal á gcur i bhfeidhm ionas go bhféadfaí pionóis athchomhairleacha a leagan síos, beag beann ar an áit san AE ina bhfuil an gnó faofa lonnaithe.

## **Ba chóir do chomhlachtaí na hearnála eachaí:**

- tabhairt ar úinéirí each-ainmhithe forálacha a dhéanamh a chinnteodh nach dtiocfadh fadhbanna leasa chun cinn ag deireadh saoil nó saolré oibre each-ainmhí, agus úinéireacht fhreagrach á cothú acu.
- tosaíocht ar chomhchéim le sábháilteacht an mharcaigh agus níos airde ná tosca eile a thabhairt do leas each-ainmhithe i gcúrsaí spóirt agus fóillíochta.



*Front cover photography courtesy and copyright of:*

*Top row left-right: The Donkey Sanctuary; World Horse Welfare; World Horse Welfare*

*Middle row left-right: Shutterstock – Pixino; World Horse Welfare; ANDA*

*Bottom row left-right: World Horse Welfare; World Horse Welfare; Shutterstock – Maren Wulf*